**Fógra Príobháideachta**

**Comhairle Chontae na Gaillimhe – Síneadh le Cé Inis Oírr**

Tá an Fógra Príobháideachta seo arna eisiúint ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh ("**CCG**", "**muid**", "**dúinn**", "**ár**").

Tá CCG freagrach as síneadh a chur le Cé Inis Oírr, Inis Oírr, Contae na Gaillimhe, agus beidh sé riachtanach do CCG tailte áirithe a fháil trí ordú ceannaigh éigeantaigh dar teideal "Ordú Ceannaigh Éigeantaigh Chomhairle Chontae na Gaillimhe (Tailte in Inis Oírr) (Bonneagar agus Oibríochtaí), Uimh. 1, 2022" (an "tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh") faoi ailt 213 agus 227 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus alt 184 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Is é cuspóir an fhógra seo ná a chur in iúl duit na sonraí a bhaineann leat a fhéadfaidh muid a bhailiú agus a úsáid i dtaca leis an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh agus na húsáidí (lena n-áirítear nochtadh do thríú páirtí) a d'fhéadfadh muid baint as na sonraí sin.

Má tá aon cheist agat maidir le húsáid do shonraí pearsanta againn, déan teagmháil, le do thoil, leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ag dpo@galwaycoco.ie.

**Faisnéis a bhailíonn muid**

Baileoimid, agus próiseálfaimid, sonraí pearsanta a bhaineann leat a thabharfaidh tusa nó daoine eile dúinn i dtaca leis an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh. Baileoimid, agus próiseálfaimid, freisin sonraí pearsanta a bhaineann leat ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí amhail Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sna sonraí pearsanta:

- **Sonraí Céannachta** - céadainm, sloinne;
- **Sonraí Teagmhála** – seoladh;
- **Sonraí Cearta Maoine** – do leas in aon talamh agus/nó ceart a bheartaítear a fháil go héigeantach, cearta slí poiblí agus cearta slí príobháideacha a bheartaítear a fháil/a mhúchadh agus ceadanna pleanála chun talamh a fhorbairt a bheartaítear a chúlghairm nó a mhodhnú (e.g. úinéir, úinéir ainme, áititheoir, áititheoir ainme, etc.);
- **Sonraí Maoine** – mionsonraí maidir leis an talamh agus/nó na cearta a bheartaítear a fháil go héigeantach (an "**Mhaoin**") lena n-áirítear, mar shampla, ionad spásúil, agus uimhir fóilió (más infheidhme), mionsonraí maidir le haon léas nó leas eile sa Mhaoin (más infheidhme);
- **Sonraí Eile**– aon sonraí pearsanta eile a bhaineann leat a thabharfaidh tú dúinn nó arna nginiúint againn i dtaca leis an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh.

**An bonn dlí atá le sonraí pearsanta a phróiseáil**

Maidir leis na sonraí pearsanta a thuairiscítear thuas, bainimid agus soláthraithe seirbhísí tríú páirtí ag gníomhú thar ár gceann úsáid astu, mar a leagtar amach thíos ar shlí níos mionsonraithe. Is mar a leanas atá an bonn dlí atá le do shonraí pearsanta a bhailiú, a phróiseáil agus a aistriú chun na gcríoch sin:

- go bhfuil sé riachtanach maidir le comhlíonadh ár bhfeidhmeanna arna ndéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus maidir leis an údarás oifigiúil a dhílsítear dúinn le dlí a fheidhmiú ("**Údarás Oifigiúil**"), lena n-áirítear de bhun an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus an Achta Rialtais Áitiúil, 2001;

- go bhfuil sé riachtanach maidir le hoibleagáid dhlíthiúil a bhaineann linn a chomhlíonadh, lena n-áirítear de bhun Acht na dTithe, 1966 (arna leasú), an Achta Rialtais Áitiúil (Uimh. 2), 1960 agus an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) ("**Oibleagáid Dhlíthiúil**");
- in imthosca ina ndéanfar fáil éigeantach na Maoine a chur i gcrích le conradh, chun ár gconradh leat a chomhlíonadh, ("**Conradh**"); agus
- in imthosca teoranta áirithe, do thoiliú (i gcás mar sin iarrfar ort léiriú dearfach a thabhairt ar an toiliú sin) ("**Toiliú**").

**Gníomhaíochtaí próiseála agus bonn dlí gaolmhar**

Leagtar amach thíos na críocha ginearálta chun a n-úsáidimid do shonraí pearsanta i dtaca leis an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh, na catagóirí sonraí pearsanta is iomchuí chun na gcríoch sin agus an bonn gaolmhar dlí (nó níos mó i gcás gurb infheidhme níos mó ná ceann) faoin dlí cosanta sonraí infheidhme maidir le sonraí pearsanta den sórt sin a phróiseáil.

| **Críoch** | **Catagóirí Sonraí Pearsanta** | **An Bonn Dlí** |
|---|---|---|
| Na Sceidil a ghabhann leis an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a chur le chéile | Sonraí Céannachta<br><br>Sonraí Maoine<br><br>Sonraí Cearta Maoine | Údarás Oifigiúil<br><br>Oibleagáid Dhlíthiúil |
| Bunachar sonraí d'úinéirí maoine, tionóntachtaí, sonraí maoine a chruthú | Sonraí Céannachta<br><br>Sonraí Maoine<br><br>Sonraí Cearta Maoine | Údarás Oifigiúil |
| Comhfhreagras le húinéirí maoine agus/nó tionóntaí (lena n-áirítear fógraí reachtúla a eisiúint) | Sonraí Céannachta<br><br>Sonraí Maoine<br><br>Sonraí Cearta Maoine<br><br>Sonraí Sláinte (más infheidhme)<br><br>Sonraí Airgeadais (más infheidhme)<br><br>Sonraí Eile | Údarás Oifigiúil<br><br>Oibleagáid Dhlíthiúil<br><br>Toiliú |
| An mhaoin a fháil go héigeantach | Sonraí Céannachta<br><br>Sonraí Maoine<br><br>Sonraí Cearta Maoine | Údarás Oifigiúil<br><br>Conradh |
| Íocaíochtaí i leith na Maoine a ríomh agus a dhéanamh | Sonraí Céannachta<br><br>Sonraí Maoine | Údarás Oifigiúil |

| | | |
|---|---|---|
| | Sonraí Cearta Maoine | Oibleagáid Dhlíthiúil<br><br>Conradh |
| Éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint | Sonraí Céannachta<br><br>Sonraí Maoine<br><br>Sonraí Cearta Maoine | Údarás Oifigiúil |
| Mionsonraí maidir leis an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a fhoilsiú i nuachtán agus é a chur fáil lena iniúchadh | Sonraí Céannachta<br><br>Sonraí Maoine<br><br>Sonraí Cearta Maoine | Oibleagáid Dhlíthiúil |

**Faighteoirí sonraí**

D'fhéadfadh sé go nochtfar do shonraí pearsanta d'eagraíochtaí eile i dtaca leis na críocha thuas, lena n-áirítear:

- gníomhaireachtaí reachtúla, i gcás gur gá nó go gceadaítear é le dlí mar chuid den phróiseas reachtúil pleanála;
- soláthraithe eisfhoinsithe tagartha maoine;
- tríú páirtithe eile arna bhfostú againn chun seirbhísí a chur ar fáil dúinn, amhail soláthraithe eisfhoinsithe seirbhíse, soláthraithe seirbhíse TF, comhairleoirí gairmiúla agus iniúchóirí;
- údaráis phoiblí agus comhlachtaí poiblí eile, i gcás gur gá nó go gceadaítear é le dlí, amhail an Garda Síochána, chun coireacht a chosc, a imscrúdú nó a bhrath; agus
- daoine den phobal i gcás gur gá dúinn faisnéis a chur ar fáil don phobal faoin dlí infheidhme nó i gcás go gcuirfear aon aighneachtaí nó agóidí i ndáil leis an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh ar fáil lena n-iniúchadh go poiblí.

**Coinneáil**

Ní choinneoimid do chuid sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá. Coinneofar do shonraí pearsanta chomh fada is gá chun na gcríoch a thuairiscítear san Fhógra Príobháideachta seo, nó chun ár n-oibleagáidí faoin dlí infheidhme a chomhlíonadh agus, más iomchuí, chun déileáil le haon éileamh nó díospóid a d'fhéadfadh éirí idir tusa agus muid.

**Ceanglas sonraí a sholáthar**

Níl aon oibleagáid reachtúil ort sonraí pearsanta a sholáthar dúinn i ndáil le fáil éigeantach a bheartaítear chun críocha an Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh. Tá roinnt píosaí faisnéise, áfach, is gá duit a sholáthar dúinn chun go bhféadfaimis ár n-oibleagáidí a chomhlíonadh chun tairbhe duit i dtaca le fáil éigeantach a bheartaítear, amhail d'ainm, do shonraí teagmhála agus mionsonraí maidir le do leas i Maoin.

I gcás go mbeidh fáil éigeantach beartaithe déanta, beidh tú faoi oibleagáid chonarthach sonraí pearsanta áirithe a sholáthar dúinn. Mura dtabharfaidh tú na sonraí pearsanta sin dúinn beidh

d'oibleagáidí conarthacha á sárú agat agus d'fhéadfadh cibé cearta agus leigheasanna dlí a bheith againn i do choinne agus a bheidh ar fáil faoin dlí infheidhme.

**Do chearta**

Tá na cearta seo a leanas agat, in imthosca áirithe agus faoi réir srianta áirithe, i ndáil le do shonraí pearsanta:

- **Ceart rochtana ar shonraí** – Tá sé de cheart agat cóip a iarraidh de na sonraí pearsanta atá á sealbhú againn i do leith, mar aon le faisnéis eile maidir leis an bpróiseáil arna déanamh againn ar na sonraí pearsanta sin.

- **An ceart go ndéanfaí ceartúcháin**– Tá sé de cheart agat a iarraidh go ndéanfaí aon sonraí atá míchruinn atá á sealbhú againn i do leith a cheartú, nó féadfaidh tú a iarraidh go ndéanfaí aon fhaisnéis neamhiomlán a nuashonrú chun go mbeidh sí iomlán.

- **An ceart go ndéanfaí léirscriosadh**– Tá sé de cheart agat a iarraidh go ndéanfaí sonraí pearsanta atá á sealbhú againn i do leith a scriosadh. Tugtar an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad ar sin scaití.

- **An ceart go gcuirfí srian le próiseáil nó agóid a dhéanamh in aghaidh na próiseála** – Tá sé de cheart agat a iarraidh nach ndéanfaí do chuid sonraí a phróiseáil a thuilleadh chun críocha áirithe, nó agóid a dhéanamh maidir le do chuid sonraí a phróiseáil chun críocha áirithe.

- **An ceart chun iniomparthacht sonraí** – Tá sé de cheart agat a iarraidh orainn cóip de do shonraí pearsanta a sholáthar duit, nó do thríú páirtí, i bhformáid atá struchtúrtha, a úsáidtear go coiteann agus atá inléite ag meaisín.

- **Toiliú a tharraingt siar** – I gcás go mbeidh próiseáil do chuid sonraí bunaithe ar thoiliú a bheith tugtha agat, tá sé de cheart agat do thoiliú a tharraingt siar tráth ar bith.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach cearta daingne iad na cearta sin, agus go bhfuil siad faoi réir srianta agus díolúintí áirithe. Mar shampla, ní bheidh feidhm ag an gceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a léirscriosadh i gcás go mbeidh cúis dhlisteanach againn leanúint de shonraí den sórt sin a shealbhú agus d'fhéadfadh sé go leanfaimid de do shonraí pearsanta a phróiseáil, d'ainneoin agóid arna déanamh agat, i gcás go mbeidh forais dhlisteanacha láidre ann i leith na próiseála a bhfuil sáraíocht acu ar do leasanna, do chearta agus do shaoirsí.

Más mian leat aon cheann de na cearta atá leagtha amach thuas a fheidhmiú, déan teagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ag dpo@galwaycoco.ie

**Nuashonrú**

D'fhéadfadh muid nuashonrú a dhéanamh ar an mbeartas seo ó am go ham. Moltar duit an beartas a athbhreithniú go tréimhsiúil chun an fhaisnéis is deireanaí a fháil maidir lenár gcleachtais príobháideachta ag: https://www.galway.ie/en/services/roads/marine/

**Gearáin**

Más rud é nach bhfuil tú sásta leis an gcaoi ina bhfuil úsáid á baint againn as do shonraí pearsanta nó conas a éascaítear do chearta nó a chomhlíontar ár n-oibleagáidí faoin dlí infheidhme cosanta sonraí, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Tá mionsonraí maidir le conas gearán a thaisceadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.